

COVID-19 – Seicliosta Dea-chleachtais

Ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe

Forbraíodh an seicliosta seo chun cabhrú leo siúd a ceapadh mar Phríomh-Ionadaí Oibrithe a ról a thuiscint chun cabhrú le leathadh COVID-19 ina n-ionad oibre agus sa phobal a chosc. Tá tuilleadh eolais ar gov.ie, hse.ie, hpsc.ie agus hsa.ie.

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh treoir shonrach COVID-19 a bheith i bhfeidhm d'earnálacha oibre ar leith – féach ar hpsc.ie.

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓ Tá	✓ Níl	Gníomh a theastaíonn
1.	An bhfuil eolas agus oiliúint tugtha ag d'fhostóir duit faoi ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe?			
2.	An bhfuil tú ag coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19?			
3.	An bhfuil tú páirteach le d'fhostóir i bpleanáil don fhilleadh ar an ionad oibre de réir a chéile le haghaidh oibrithe agus chun a chinntiú go bhfuil na bearta praiticiúla ar fad i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc?			
4.	An bhfuil tú ar an eolas faoin gcúrsa ar líne ó HSA do Phríomh-Ionadaithe Oibrithe, atá ar fáil ar hsa.ie/covid19 ?			
5.	An bhfuil an póstaer don Phríomh-Ionadaí Oibrithe ar hsa.ie/covid19 feicthe nó íoslódáilte agat?			
6.	An bhfuil siomptóim COVID-19 , agus an chomhairle Sláinte Poiblí reatha, ar eolas agat?			
7.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi a leatar an víreas ?			
8.	An bhfuil a fhios agat cén chaoi le cabhrú le leathadh COVID-19 a chosc?			
9.	An bhfuil tú ag cabhrú le do chomhghleacaithe a choinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19?			
10.	An bhfuil tú ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm ag d'fhostóir chun leathadh COVID-19 a chosc?			
11.	An bhfuil d'fhostóir tar éis dul i gcomhairle leatsa agus na bearta rialaithe sin á gcur i bhfeidhm?			
12.	An bhfuil bealach cumarsáide rialta agat le d'fhostóir nó do bhainisteoir?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
13.	An bhfuil tú ag obair le d'fhostóir agus le foireann bainistíochta freagartha COVID-19 chun a chinntiú go bhfuil bearta nua nó leasaithe coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe i bhfeidhm?			
14.	An bhfuil tú ar an eolas faoi na riachtanais ghlantacháin a theastaíonn chun cabhrú le traséilliú a chosc?			
15.	An bhfuil tú ag tuairisciú aon cheisteanna a fheiceann tú le d'fhostóir/bhainisteoir láithreach?			
16.	An bhfuil tú ag coinneáil taifid ar aon fhadhbanna nó ceisteanna agus ar an ngníomh a rinneadh chun an cás a leigheas?			
17.	An bhfuil tú ar an eolas faoina bhfuil le déanamh má léiríonn duine éigin siomptóim COVID-19 ag an obair?			
18.	Nuair is gá, an bhfuil tú ag cabhrú, mar chuid den fhoireann freagartha, le bainistiú duine a léiríonn siomptóim COVID-19 ag an obair?			
19.	An bhfuil tú ar an eolas faoi aon athruithe ar phleananna éigeandála nó nósanna imeachta garchabhrach i d'ionad oibre?			
20.	An bhfuil tú ar fáil do do chomhghleacaithe chun éisteacht le haon ábhar imní nó moltaí atá acu faoi aon bhearta COVID-19?			
21.	An bhfuil tú ag cur moltaí agus ceisteanna/fadhbanna in iúl don fhostóir agus do na hoibrithe araon?			
22.	An bhfuil a fhios agat cé na tacaí atá ar fáil duit má airíonn tú imníoch nó faoi bhrú agus an bhfuil tú chun an t-eolas sin a roinnt ar do chomhghleacaithe? Féach ar hsa.ie/covid19 le haghaidh podchraoltaí agus físeán chun sláinte agus folláine a bhainistiú.			
	Eolas Breise			

Ainm: _____ Síniú: _____ Dáta: _____

Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dhlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, caillteanas ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.